C/2024/1142

25.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11434 — SILVER LAKE / DIGITALBRIDGE / VANTAGE NA DATA CENTER ASSETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1142)

1. An 10 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Silver Lake Group, L.L.C. ('Silver Lake', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— DigitalBridge Group, Inc. ('DigitalBridge', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Retained Aviator Holdings, LP; Retained Aviator Holdings WA13, LP; Retained Aviator Holdings CA31, LP; Aviator Holdings 1, LP; Aviator Holdings 1 DC, LP; Lower Tier Aviator Holdings, LP; Lower Tier CA31 Holdings, LP; agus Lower Tier WA13 Holdings, LP (dá ngairtear le chéile 'Vantage NA Data Center Assets' nó 'Target', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú comhpháirteach DigitalBridge agus Public Sector Pension Investment Board faoi láthair.

Gheobhaidh Silver Lake agus DigitalBridge rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Target.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta teicneolaíochta domhanda é Silver Lake. Tá gairmithe infheistíochta Silver Lake lonnaithe ar fud Mheiriceá Thuaidh, na hEorpa agus na hÁise agus tá taithí fhairsing acu ar infheistíocht agus oibriú i réimse na teicneolaíochta.

— Is gnólacht infheistíochta bonneagair dhigitigh tiomnaithe ar scála domhanda é DigitalBridge a infheistíonn, go díreach agus trína chistí bainistithe agus trína chuideachtaí punainne féin agus trí chuideachtaí punainne na gcistí sin, i gcúig phríomhréimse: (i) lárionaid sonraí; (ii) crainn chumarsáide; (iii) líonraí snáithíní; (iv) mionchealla; agus (v) bonneagar imeall-ríomhaireachta.

— Is i seilbh Target atá na sócmhainní lena gcuimsítear gníomhaíochtaí Vantage Data Center i Meiriceá Thuaidh. Go háirithe, is é Target a dhéanann úinéireacht agus bainistiú ar lárionad sonraí i gCeanada agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá a thairgeann seirbhísí comhlogaithe (e.g. spás, líonra, slándáil fhisiciúil, etc. a sholáthar) le haghaidh freastalaithe tríú páirtí agus crua-earraí ríomhaireachta eile arna stóráil ag tríú páirtithe san ionad sonraí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11434 — SILVER LAKE / DIGITALBRIDGE / VANTAGE NA DATA CENTER ASSETS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË